

Ábhar

Teicneolaíocht

Téacs Éisteachta

An Dr. Caoimhín Ó Dónaill ag labhairt faoin teicneolaíocht i bhfoghlaím teangacha.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Úsáid na Teicneolaíochta i bhFoghlaim Teangacha

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht leis an Dr. Caoimhín Ó Dónaill, Ollscoil Chúil Raithin, ag labhairt faoin teicneolaíocht i bhfoghlaím teangacha. Sula n-éistfidh tú leis an mír, déan an réamhobair thíos.

Plé

- Cén úsáid a bhaineann tú as an teicneolaíocht san obair a bhíonn ort a dhéanamh do do chúrsa?
- Cad iad na hacmhainní teicneolaíochta Gaeilge a bhfuil cur amach agat orthu?
- Cén úsáid a bhaineann tú as an teicneolaíocht sna hábhair eile léinn a bhfuil staidéar á dhéanamh agat orthu?

Tascanna

- Déan liosta de na hacmhainní teicneolaíochta atá ann don Ghaeilge. Déan roinnt taighde, más gá (féach ar an suíomh www.teagascnaeilge.ie). Faigh amach faoi na cinn seo a leanas:

gaelspell
ceart
*Win*Gléacht
focal.ie

- Féach ar na focail thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad? Mura dtuigeann, aimsigh an míniú san acmhainn chuí.

soláthróirí
úsáideoirí neamhspleácha teanga
uirlisí cumarsáide sioncrónacha agus aisioncrónacha
timpeallachtaí fíorúla foghlama
réasúnaíocht oideachasúil
teanglann dhigiteach
cur chuige a bhfuil bunús láidir tógachaíoch faoi
próiseas idirghníomhach

Éisteacht

Scríobh cúpla abairt a thabharfadh achoimre ar an méid atá le rá ag Caoimhín.

An raibh dúshláin tuisceana agat leis an mír seo? Má bhí, cérbh iad?

Feasacht Teanga

- ‘...an tslí / an fhoghlaim...’

Tabhair míniú ar na hathruithe tosaigh ar na hainmfhocail thuas. Ansin cuir na hathruithe cuí i bhfeidhm ar na focail seo:

sagart, seomra, seirbhís, socrú, fear, fáinleog, fáilte, fiosracht, féile

- Féach ar na focail thíos a dúirt Caoimhín. In aice leo tá dhá rogha maidir le hiolra na bhfocal. Cén ceann atá ceart? Mínigh do fhreagra.

léacht	léachtaí	léachtanna
turas	turais	turasanna
alt	ailt	altanna
clár	cláracha	cláir
ollamh	ollaimh	ollúna
pictiúr	pictiúirí	pictiúir
nasc	naisc	nascanna

- Cén ghné den ghramadach atá i gceist sna frásaí thíos? An lagiolraí nó tréaniolraí iad na hainmfhocail? Pléigh an patrún agus ansin déan an cleachtadh.

i gcomhair na bhfoghlaimoírí
ag cleachtadh na mbunscileanna teanga
dá gcuid mac léinn

Lean an sampla agus tabhair aird ar leith ar an bhfoirm cheart den iolra:

fadhbanna + na mic léinn	fadhbanna na mac léinn
léachtaí + na teagascóirí	
dualgais + na poist	
méid + na dualgais	
teidil + na cláir	
teidil + na leabhair	
praghas + na deochanna	
caighdeán + na fionta	
uimhreacha + na leathanaigh	
dathanna + na pictiúir	

Iarobair

- Seo nithe a luann Caoimhín maidir le foghlaim teanga. An bhfuil a fhios agat cad iad? An bhfuair tú féin riamh an deis úsáid a bhaint astu i do chuid ranganna sa choláiste no lasmuigh de na ranganna?

Wiki-eanna

blaganna

teanglanna digiteacha

uirlisí cumarsáide sioncrónacha agus aisioncrónacha ar nós MSN

clár plé

teanglann dhigiteach

foclóirí leictreonacha (mar shampla, *WinGléacht*)

cleachtaí féincheartaithe gramadaí

eagarthóirí fise agus fuaime

ceamthaifeadán

deachtafón

ceamaraí gréasáin

- ‘...is féidir na meáin éagsúla – fiseáin nó pictiúir, fuaim agus téacs – a úsáid le chéile go furasta le dúshláin nó tascanna a leagan ar mhic léinn...’ An mbíonn deis agatsa úsáid a bhaint as meáin éagsúla sa seomra ranga?
- Cad iad na slite ina bhféadfá an teicneolaíocht a úsáid chun feabhas a chur ar na scileanna teanga seo: éisteacht, labhairt, léamh, scríobh?
- ‘...is í an aidhm atá acu, ar ndóigh, ná úsáideoirí neamhspleácha teanga a dhéanamh as na foghlaimeoirí sin...’ Cén rud é úsáideoir neamhspleách teanga?
- ‘...gur fearr a fhoghlaimíonn duine más próiseas idirghníomhach atá ann...’ An mbíonn seans agatsa idirghníomhaíocht rialta a bheith agat sa seomra ranga?

Tascanna

- Scríobh alt a bheadh oiriúnach d’iris na mac léinn dar teideal ‘An fhorbairt teicneolaíochta is fearr, dar liom’.
- Smaoinigh ar an uirlis teicneolaíochta is mó a mbraitheann tú uirthi i do shaol. Ansin scríobh píosa cruthaitheach dar teideal ‘Seachtain gan mo X...’ (guthán póca, ríomhaire glúine, *ipod* srl.)
- Cum áis bhreise le dul le huirlis teicneolaíochta a mbaineann tú úsáid aisti go minic. Forbair pointí a bheadh oiriúnach chun dul i bhfeidhm ar chomhlacht maoinithe chun an áis áirithe sin a fhorbairt. Ansin bí ag obair leis an duine in aice leat – tógadh duine agaibh ról bhainisteoir airgeadais an chomhlachta mhaoinithe agus an duine eile ról an mhic léinn. Ansin malartaí gí rólanna.

- Scríobh léirmheas faoi uirlis teicneolaíochta de do rogha féin a bheadh oiriúnach don rannóg faoin teicneolaíocht san iris *Nós*.
- Cuardaigh cartlann www.beo.ie chun teacht ar ailt faoin teicneolaíocht (sa chartlann, cuardaigh ailt le Diarmaid Mac Mathúna). Léigh dhá alt a gcuireann tú spéis iontu agus liostaigh na focail nua a fhoghlaimíonn tú i léamh an ailt.

Téipscript

Tá sé de chumhacht ag teicneolaíochtaí nua ar an idirlíon agus sa seomra ranga tionchar mór a imirt ar an chaidreamh idir teagascóirí agus foghlaimeoirí. Tá an tslí ina gcuirtear eolas i láthair do mhic léinn agus na modhanna cumarsáide eatarthu ag athrú an t-am go léir. An dúshlán atá roimh sholáthróirí cúrsaí teanga ar an tríú leibhéal ná an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as na huaireanta teagmhála a bhíonn acu le mic léinn agus an fhoghlaim neamhspleách a éascú oiread agus is féidir. Is í an aidhm atá acu, ar ndóigh, ná úsáideoirí neamhspleácha teanga a dhéanamh as na foghlaimeoirí sin.

Is minic a chuireann na teicneolaíochtaí nua ar fad atá ar fáil mearbhall ní hamháin ar fhoghlaiméirí ach ar theagascóirí chomh maith. Táimid ag caint anseo faoi thimpeallachtaí fíorúla foghlama, *Wiki-eanna*, blaganna, teanglanna digiteacha, uirlisí cumarsáide sioncrónacha agus aisioncrónacha ar nós MSN, nó clár plé – laistigh nó lasmuigh de thimpeallachtaí fíorúla foghlama. Os a choinne sin, tá ceist ann i gcónaí faoi éifeachtacht modhanna traidisiúnta ar nós léachtaí, ranganna teagaisc agus seimineáir.

Is cuma más modhanna traidisiúnta nó modhanna a bhraitheann ar theicneolaíochtaí nua atá i gceist, ba chóir go mbeadh an rogha a dhéantar eatarthu nó aon chumasc díobh bunaithe ar réasúnaíocht oideachasúil. Tá úsáid teicneolaíochtaí ar nós teanglann dhigiteach an-oiriúnach in aon chur chuige atá mac léinnlárnach, is é sin, cur chuige a bhfuil bunús láidir tógachaíoch faoi. Sa teanglann dhigiteach, thig le teagascóirí réimse leathan bogearraí ar nós foclóirí leictreonacha (mar shampla, *WinGléacht*), cleachtaí féincheartaithe gramadaí, eagarthóirí fise agus fuaim, agus crua-earraí ar nós ceamthairfeadán, deachtafón agus ceamaraí gréasáin, a chruinniú le chéile chun timpeallacht foghlama a chruthú atá in ann eispéireas an-ilghnéitheach foghlama a thabhairt dá gcuid mac léinn.

I dtimpeallacht mar seo, is féidir na meáin éagsúla – físeáin nó pictiúir, fuaim agus téacs – a úsáid le chéile go furasta le dúshlán nó tascanna a leagan ar mhic léinn a dhíríonn ar fhorbairt agus ar chleachtadh na mbunscileanna teanga ar fad: éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh. I gcur chuige tascbhunaithe den saghas seo cuireann an teicneolaíocht an oiread sin tacaíochta ar fáil go saorann sí an teagascóir lena am a chaitheamh ag freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus iad ag obair ina n-aonar nó i ngrúpaí. An réasúnaíocht oideachasúil atá taobh thiar de seo ná gur fearr a fhoghlaimíonn duine más próiseas idirghníomhach atá ann.